Imní ann go bhfuil Fungie marbh

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi Fungie. Féach féin agus an duine in aice leat ar na focail thíos a bheidh le cloisteáil sa mhír. An féidir libh na focail Ghaeilge a cheangal leis na focail Bhéarla?

1. curtha ar athló	a. *settled down*
2. an deilf	b. *boom*
3. ag cur faoi	c. *magical tail*
4. béal an chuain	d. *in the very fibre of*
5. d'fhonn	e. *the harbour is silent*
6. eireaball draíochta	f. *affluent town*
7. baile rachmais	g. *the dolphin*
8. borradh	h. *postponed*
9. de dhlúth agus d'inneach	i. *in order to*
10. tá an cuan ina thost	j. *the harbour entrance*

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10

Anois, féach ar an tuairisc den chéad uair le feiceáil an féidir leat na focail sin a aithint sa mhír nuachta.

Ceist 2 Féach ar na ráitis thíos agus abair leis an duine atá in aice leat cén fáth nach bhfuil siad fíor.

- Bhí Fungie ina chónaí sa chuan le caoga bliain.
- Ní raibh mórán cur amach ag Paddy Ferriter ar an deilf cháiliúil.

- Tháinig laghdú ar líon na dturasóirí a thug cuairt ar an Daingean de bharr Fungie .

- Ní chronóidh aon duine an deilf.

- Tá a fhios ag muintir an Daingin cá bhfuil Fungie.

Ceist 3 Bí ag obair leis an duine in aice leat. Déanaigí:

- cur síos ar a bhféachann sibh sa mhír
- cur síos ar na mothúcháin a mhothaíonn sibh agus sibh ag féachaint ar an mír

Ceist 4 '…an deilf c**h**áiliúil…'

1. Cén fáth a bhfuil séimhiú sa sampla thuas?
2. Bain amach na lúibíní sna samplaí thíos agus cuir séimhiú ar an aidiacht más gá.

bean (croíúil) _____
fear (clúiteach) _____
obair (deacair) _____
uisce (te) _____
aimsir (fuar) _____
geimhreadh (fada) _____
cluiche (casta) _____
díospóireacht (bríomhar) _____

Ceist 5 '…bhí…'

1. Cé mhéad briathar neamhrialta atá sa Ghaeilge?

2. Scríobh amach anois iad:

   Abair…

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna thíos leis na daoine eile i do ghrúpa.

1. Cad a bhí ar eolas agat faoi Fungie sular fhéach tú ar an mír?
2. Cén fáth, dar leat, ar fhan Fungie sa chuan?
3. Ar chuala tú faoi Duggie agus Ben ar Thoraigh? Déan cuardach idirlín orthu.

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10
h	g	a	j	i	c	f	b	d	e

Ceist 2
Féach an script.

Ceist 3
Mar shampla
Cur síos ar an mír:
Tugtar léargas maith dúinn ar chuan agus ar bhá an Daingin. Tá dath gorm ar an bhfarraige agus dath glas ar na páirceanna timpeall na bá. Is iontach an ghearróg de Paddy Ferriter agus é sa teach solais. Taispeántar go leor íomhánna draíochtúla de Fungie ag snámh, ag léim agus ag tumadh san uisce. Feicimid gach saghas báid ag dul amach chun Fungie a fheiceáil agus iad lán de dhaoine agus sceitimíní orthu, iad ar bís le radharc a fháil ar an deilf. Tá gearrthóg amháin ann de dhuine ag snámh leis agus á pheataireacht. Feictear siopaí, iascairí agus dealbh de Fungie.

Mothúcháin:
Tá cuma chomh gleoite ar Fungie tá fonn orm póg mhór a thabhairt dó. Tá mo chroí lán de ghrá. Tagann áthas orm agus gliondar ar mo chroí agus mé ag féachaint ar an tuairisc. Mothaím chomh sona agus sásta. Ach, tá an grá agus an ghruaim i gceist. Tá uaigneas agus brón orm freisin, agus cumha orm i ndiaidh Fungie.

Ceist 4
Cuirtear séimhiú ar aidiacht a leanann ainmfhocal baininscneach.

bean c**h**roíúil
fear clúiteach
obair d**h**eacair
uisce te
aimsir f**h**uar
geimhreadh fada
cluiche casta
díospóireacht b**h**ríomhar

Ceist 5
1. Tá aon bhriathar déag neamhrialta sa Ghaeilge.
2. Abair, beir, bí, clois, déan, faigh, feic, ith, tabhair, téigh agus tar.

Ceist 6
Is féidir gach triúr nó ceathrar a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola
Ó dheas, tá an cuardach a bhí ar bun ar Fungie curtha ar athló[1] agus bádóirí an Daingin den tuairim nach mbeidh an deilf cháiliúil ar ais go deo. Tá Fungie ar iarraidh le breis is seachtain anois. Bhí sé ag cur faoi sa gcuan le beagnach dhá scór bliain.

Seán Mac an tSíthigh
An seaniascaire, Paddy Ferriter sa Tigh Solais, a thug an deilf faoi ndeara i mbéal an chuain ar dtús sa mbliain 1983.

Paddy Ferriter
No one knows more about that dolphin than I. For I can tell you times, without I seeing him at all, that he's there. For I'll know it in the water. I'll know he's just under the surface.

Seán Mac an tSíthigh
As sin amach bhí na daoine ag teacht ina sluaite d'fhonn radharc a fháil ar an iontas ar a mbaisteadh Fungie. Agus le croitheadh dá eireaball draíochta, dhein[2] sé baile rachmais den Daingean.

Caoimhín Ó Flannúra, an Daingean
Dhein[3] sé tionchar an-mhór ar an mbaile seo, go mór mór i gcúrsaí turasóireachta an bhaile. Thosaigh na báid ag dul amach, as na báid iascaireachta bheaga… bhíodar ag tabhairt daoine amach. Agus ansin thosaigh ceann, dhá cheann, trí cinn agus bhí daoine ag teacht anseo agus chonaic na *restaurants*, na *cafés*, na pubanna, go bhféadfaidís airgead a dhéanamh i dteannta na mbád agus bhí an-chuid turasóirí ansin ag teacht.

Seán Mac an tSíthigh
Gan dabht chuir Fungie go mór leis an mborradh turasóireachta a tharla anseo sa Daingean. Ach, cúrsaí eacnamaíochta i leataobh, tá muintir na háite an-cheanúil ar fad ar an ndeilf seo. Agus is cuid de dhlúth agus d'inneach na háite é faoin tráth seo.

Juli Ní Mhaoileoin, An Daingean
Oh, go dtógfadh sé do chroí, bhí ceangal spioradálta ann, bhí ceangal anama ann. Bhí sé an-speisialta agus ní fheadair conas a bheidh an áit gan é mar bhí an ceangal sin ann i gcónaí i ngach duine againn. Agus, tá páistí ann agus tógadh iad le Fungie. Agus, tá sé cosúil le solas a mhúchadh anois, má tá sé imithe.

Seán Mac an tSíthigh
Tá an cuan ina thost anois. Is fada leis an bpobal go bhfillfidh sé. Tá Fungie éalaithe uainn faoin gclóca mistéireach céanna a sheol chugainn é an uair úd fadó.

Paddy Ferriter
He can go where he like. There's no one going to say to him 'Where did you come from?' 'Where are you bound for?' He has the ocean wide.

Seán Mac an tSíthigh, an Daingean.

[1] *athlá* an leagan caighdeánach
[2] *rinne* an leagan caighdeánach
[3] *Rinne* an leagan caighdeánach